

OCHTAR BAN A CHUAIDH AR BUAILE

Ochtar ban as Indreabhán, thíos le fairrge, chuadar ar buaile amach as an gCloich Bhric ins an áit ar a dtugtar Formhaol. Bhí trí cinn déag de bheithigh bainne ar buaile acab. Bhíodar lá bréagh agus iad ina suidhe amuich ar an gcnocán, cuid aca ag cniteáil agus cuid aca ag fuagháil, agus connaiceadar girrfiadh ag tigheacht agus ag dul treasna tríd na beithigh anonn is anall nó go dtáinig sé go dtí loilíoch nach raibh ach trí seachtainí tar éis laoigh agus tosuigheann sé ag diúl na bó. D'éirigh na mná ina seasamh agus chuadar có fada leis, níor chorrúigh sé go deo nó go raibh siad i bhfoisgeacht trí slat nó ceithre slata dó, d'imthigh leis agus shuidh sé síos ar cnocán ar a chorra géabh. Thosuigh sé ag craitheadh a chloiginn anonn agus anall agus ag breathnú orthabh d'imthigh bean aca agus chuaidh sí ag an mbráca agus thug sí léithe píosa de mhaide daraigh a bhí ann. Chaith sí an maide leis, chrom sé a chloigeann agus leig se thairis an maide, d'imthigh se indiaidh an mhaide agus rug sé ina bhéal air agus crochann sé leis an maide. Chuir sé roinnt sgatha annsin ar na mná, dubharadar le chéile nach girrfiadh ceart a bhí ann. D'imthigh bean acab agus tháinig sí abhaile agus dinnis an sgéal sa mbaile. "Gheobhfa mise cú i mbárach," adeir fear an tighe, "chó maith agus tá sa gcondae. Fuair sé cú ó dhuine de Blácaigh a bhí ar an Tula Mhoir. Níor stop sé lá ar na bhárach go ndeachaidh sé ar an gCloch Bhric. D'fhan sé sa mbráca agus ní dheachaidh sé amach chor ar bith in imtheacht an lae é féin ná an chú ach bhí na mná taobh amuich mar bhíodar an lá roimhe sin. Tháinig an girrriadh an t-am céadna a dtáinig sé an lá roimhe sin. Ghlaodhadar ar an bhfear agus tháinig sé amach é féin agus an chú ar an toirt is a bhfaca an cú an girrriadh thug sí trí eiltreog(trí léim) ina dhiaidh. As go bráthach leis an ngiarrfiadh agus d'imthigh an chú ina dhiaidh. An cor féin níor bhain sí as nó gur imthigh siad as afarc an fhir. Shuidh an fear síos ar thulán. "Deamhan chú a feicfeas mé go bráthach," ar sé. "Deamhan teach ná árus a fhágfas an Blácach agam mar ghioll ar an gcú." Nuair a bhí an ghrian a dhul i dtalamh sin é an uair a tháinig an cú agus sé hordlaigh dá theangaidh taobh amuich dá bhéal. "Ó thálta (thárla) greim a' msa anois ort," adeir sé, "tiubhra mé abhaile slán sábhailte thú."

Nuair a tháinig sé ag tigh an Bhláca, "ar mharbhuigh sí an giarrfiadh?" adeir an Blácaach. "Ní fhéadainn a rádh," adeir sé "ach an t-achar a bhíodar i m'afarc an cor féin níor bhain sí as an ngirrriadh." "Gabhfa mé féin i mbárach ann," adeir an Blácach go bhfeice mé an dtiocfaidh sé. Thar éis a bhricfeasta lá ar na bhárach thug an Blácach an cú agus an gunna leis agus níor stop sé féin ná Éamon Ó Cadhain go ndeachadar ar an gCloch Bhric. Chuadar isteach sa mbráca agus d'fugar siad ar na mná a bheith ag aireachas go bhfeicidís an dtiocfadh sé. An t-am céadna an tríomhadh lá tháinig sé. D'fhuagair na mná ar an mBlácach go raibh sé ar an mbuaile. Sgaoil an blácach faoi. An gráinne féin níor bhuail sé air. Spánadh don chú é. Ní leanfadh an chú chor ar bith é. Thosaigh an Blácach ag cur urchair eile isteach. Shuidh an

girrghiadh síos ar an thulán agus thosaigh sé ag bualadh a dhá chos thosuigh faoi n-a chéile agus ag baint torainn asta. Chuaidh Éamonn Ó Cadhain i ngrinneadas ag breathnú air mar ghíoll ar an torann a bhí sé a dhéanamh agus céard a bheadh ann ach dhá chrú tosaigh mar bheadh ar chapall. Spáin sé do'n Bhlácach é. "Níor chuir aon phioc ariamh faitchíos ormsa," adeir an Blácach, ní háirimhim sean ghiarrfiadh ag cuir faitchís orm." Chaith an Blácach arís an dara hurchar leis. An gráinne féin níor bhuail sé air. Ní dhearna an Blácach ach siubhal anonn go ndeacha sé i bhfoisgeacht sé troighthe dhó. Chuir sé dhá láimh ar bharaille an ghuna. Chaith sé an guna leis an ngiarrfiadh. Chrom an giarrfiadh a chloigeann agus leig sé an guna tairis amach. D'éirigh sé de léim agus roinne sé cleas an tradhaill ins an aé (sin a aghaidh a thabhairt san áit a raibh a chúl roimhe sin), beireann sé ar an nguna ina bhéal agus crochann sé leis é. Afarc ní fhaca an Blácach ar a ghuna on lá sin go dtí an lá atá indiu ann. "Ar chuala, tusa" adeir an Blácach le Éamonn Ó Cadhain, "rud ar bith den tsórt sin a bheith ag imtheacht ariamh?" "Níor chuala mé aon rud mar sin," adeir Eamonn Ó Cadhain. "Gabhfa mise abhaile," adeir an Blácach agus níl aon chú ar mo dhúthaigh nach gcruinneoch mé i mbárach. Téirigh tusa go Rosmuc, go Gleann Treasna, go Doire Bhrusc, agus go Leitir Móir agus duine ar bith a bhfuil cú aige ins an achar sin abair leothab gur dhubhairt Pádraic a Bláca leothab a bheith ag a ceathar a chlog ar an gCloich Bhric i mbárach dhá mbadh é an t-abhairseoir é. Faoi n-a dhá adharc bainfimid ceart dhe."

Tháinig dhá cheann déag de chúití ar Cois Fhairrge, agus naoi gcinn déag ó na tamhnacha. Níor raibh aon mhaith ag an sean-Blácach go dtéigheadh sé féin in éindigh leathab. Bhí an méad sin fear agus confairt in aon líne amháin guala ar gualainn le chéile agus a chú féin ag chuile fhear. An t-am céadna arís tháinig tháinig an girrghiadh agus a chasóigín ceann easna (glas caorach) air. D'imthigh le na cúití ina dhiaidh. An cor féin níor bhaineadar as nó gur imthigh sé as a n-afarc. "Nach olc a chlisimid," adeir an Blácach nár chuimhnigh ar an gcú óg dubh atá ag Micil Mag Cearra i gClochar an Locha. Deir siad liom nach bhfuil imtheacht ag girrghiadh ar bith uaithe. Sé an áit a bhfuair sé í ó Phrionnsach Thír Eoghain. Tiocfamuid a'mbárach arís," adeir sé, "béimid leis." Chuaidh fios ar Mhicil Mhagh Cearra agus thug sé leis a chú lá ar n-a bhárach. An t-am céadna lá ar na bhárach tháinig sé aríst. Shuidh sé síos ar a n-aghaidh. "Anois," adeir Micil Mag Cearra "ná leigeadh aon fhear amháin agaibh a mhada amach ina dhiaidh go bhfeice mise céard a dhéanfa sí seo."

Ar an toirt is a bhfaca an chú dubh é d'imthigh léithe ina dhiaidh, Níor leig sí cúig slat é nuair a bhain sí cor as, agus sé an chaoi ar éirigh an girrghiadh ins an aé, tuairim ocht slata. Níor rinne Cearra ach a mhéar a chur ina bhéal agus fead a leigin agus bhí an chú chó humhal chó huasal agus chas sí leis an bhfead. "Cén t-ughdar, a sgabhaitéir," adeir an Blácach, "nach dtug tú cead a cinn don chú?" "A'm féin is fearr fhios," adeir Cearra. Glaodh sé ar a chú agus chas sé abhaile. D'imthigh na mná agus thréigeadar an buaile agus thugadar a gcuid ba ar ais leothabh.

Is an am sin bhíodh gadhaithe capall ag imtheacht, faoi cheann sé mhí ina dhiaidh goideadh láirín glas ó Mhicil Mhagh Cearra. Níl aon áit ó d'fága sí an teach go dtáinig sí ar bhóthar an Ríogh nach bhfuair sé a lorg, ach roinne sé amach gur soir a chuaidh sí. D'imthigh leis go ndeachaidh sé go Spidéal agus fuair sé tuairisg ag an Spidéal go ndeachaidh sí tríd an mbaile tuairim a dó dhéag indé roimhe sin. D'imthigh leis indiaidh a chinn roimhe gan

pinginn ina sgiorta go dtáinig sé go Gaillimh. Fuair sé tuairisc ó fhear posta gur chas sí dó féin ag déanamh amach ar Órán agus fear óg ar marcaidheacht uirthi tuairim bliain is fich nó dhá bhliain is fich. Bhí sé ag imtheacht leis nó gur rug an oidhche air gan luach greim nó deoch ina bhealach. Tháinig sé isteach i dteach feilméara agus d'iarr sé lóistín go maidin. "Caithfidh tú sin a fhágáil," adeir an feilméara, agus fáilte."

Réitigheadh biadh dó. Nuair a bhí sé súthach sáthach chuaidh sé féin agus an féilméara 'un seanchuis. "Bhfuil aon dochar dom fiafrú cén taobh a dtáinig tú as?" "Muise, go deimhin, níl," adeir Mac Uí Chearra. Sé an áit a rugadh is tógadh mé ceithre mhíle taobh thiar de'n Spidéal agus dhá mhíle suas ins an gcriathrach ins an áit ar a dtugtar Clochar a' Locha air." "Céard a thug an bealach seo thú?" adeir an feilméara. "Láirín glas a goideadh uaim. " "Dar mo bhriathar," adeir an feilméara, go ndeacha sí thar mo dhoras aréir." Réitigheadh leaba dhó agus chuaidh sé 'un suaimhnis agus bhí an feilméara ina shuidhe le fáinne an lae agus biadh réidhtighthe aige dó. "Tá faichíos orm," adeir sé, "go ngeobhfaidh tú trioblóid agus do láirín a fhágáil."

D'imthigh leis nuair a bhí a bhricfeasta caithte aige, é ag fagháil tuairisc i gcomhnaidhe nó go ndeachaidh sé go hInis. Nuair a chuaidh sé ceathramha míle taobh amuich d'Inis bhí botháinín beag cois a' bhóthair ann. "Gabhfa mé isteach annseo," adeir sé "go bhfeicidh mé an ngeobhfa mé deoch an uisce ann." Nuair a chuaidh sé isteach bhí seanbhean istigh sa gclúid ann agus cailín óg ag sníomhachán ar an urlár. Chuir sé "Bail ó Bhia"orthabh. "Muise céad míle fáilte romhat a Mhicil Mhag Chearra as Clochar an Locha,"adeir an tsean bhean. "Maise go mairfidh tú," adeir Micil, "mara ag magadh atá tú." "Muise ní ag magadh atá mé," adeir sí, "ach tabhair dhom do dhá láimh, a gcuimhnigheann tú ar an lá a dtáinig tú ar an gCloch Bhric indiaidh an ghiarrfhaidh le do chú dubh. "M'anam go raibh a leitheid de lá ann," adeir Micil. "An bhfaca an gírriadh an lá sin?"adeir sí. "Manam, go bhfacas," adeir Micil "leig tú fead,"adeir sí," ar do chú bhí fios agat nach gírriadh,ceart a bhí ann." "bhí fhios," adeir Micil. "Mhaslaigh sean-Bhlácach na Tulaighe thú." "Cén bheann a bhí agam air?"adeir Micil. "Thug tú le tasbánadh," adeir sí. "Caith uait an túirne sin," adeir sí leis an inghin, "agus fág dinnéar réidh do Mhicil Mag Cearra. "Mise a bhí ann an lá sin" adeir sí. "Nuair a thagann bliain gann orm-sa, déanaim gírriadh díom féin agus teighim faoin tír go mo chothú féin, agus tá fhios agam anois céard a thug as baile thusa. Láirín a d'imthigh uait." "M'anam gurb eadh" adeir Micil.

"Suidh síos annsin anois" adeir sí. "Ní bheidh do bheile ithte a'd nuair a bhéas mise ar ais le do láirín agat."

Thug sí trí léi ar an urlár. Amach an doras léithe ina gírriadh. Ní raibh leath an bhéile ithte ag Micil nuair a bhí sí ar ais agus an láirín aice. Chuaidh sí siar sa seomra. Thug sí aniar diallaid bheag aige. "Seo anois" adeir sí, "socruigh sin ar do láirín. Choinnneochainn go maidin thú agus go ceann trí seachtainí ach tá fhios agam go bhfuil imnidhe i do dhiaidh sa mbaile. Seo anois ghúig ghine buidhe le haghaidh an bhealaigh, ach ar chraiceann do chluas ná buail buille na boiseog ar do láirín, ach mar imtheochas sí o mo dhoras-sa agus beidh tú ag dhul siar trí bhaile an Spidéil nuair a bhéas an grian ag dhul i dtalamh." Chuaidh sí amach agus tharraing sí trí dlaoi as muing an chapail, d'imthigh leis an gcapall ón dorus ina chaor

thinnte agus an t-am céadna a dubhairt sí,bhí Micil Mhag Cearra ag dhul tríd an Spidéal.
10/10/1929.